# SCÉAL, SCÉAL, SCÉAL…

*scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige*

5 Meán Fómhair 2024 Eagrán 212





Ceiliúradh ag Taispeántas Chois Fharraige
Ó chlé go deas: Fionnuala Ní Chonchubhair, Rory Cox, Máirtín Tim Ó Flaithearta, Mary Uí Chonchubhair, Cian Ó Flaithearta 7 Siobhán Ní Fhlaithearta
Grianghraf: Máire Ní Neachtain

# Ainm Cleite

Beidh Ainm Cleite, féile na bhFilí is na Scribhneoirí, ar bun i gceantar na nOileán arís i mbliana idir an 13-15 Meán Fómhair. Is féile bhreá litríochta í seo agus tá clár an-lán beartaithe ag Seán Mac Donnchadha, Oifigeach Pleanála Teanga Ghlór na nOileán don deireadh seachtaine. Tá ábhar ann do shean agus d'óg agus éagsúlacht bhreá sna téamaí atá roghnaithe aige i mbliana.

Tugtar tús áite don scríbhneoireacht ach tá léachtaí, seoltaí leabhar, seisiún ceoil, siúlóid, maidhc oscailte agus taispeántas ealaíne 7 grianghrafadóirechta beartaithe freisin. Beidh ceardlanna scríbhneoireachta ann don óige d'fhonn glúin eile scríbhneoirí a spreagadh. Bronnfar gradam na Féile ar Mhícheál Ó Conghaile, údar agus drámadóir, agus bronnfar gradam saoil ar Chiarán Ó Fátharta, cumadóir amhrán. Beidh Pádhraic Breathnach, an t-údar clúiteach as Maigh Cuilinn i láthair agus léifidh sé míreanna as *Póg mo Thóin agus Scéalta Eile*, an saothar is deireanaí dá chuid. Ní gá clárú roimh ré agus is féidir bualadh isteach ag imeacht amháin nó freastal orthu ar fad!



**Clár na Féile**

"Ainm Cleite" – Féile na bhFilí & na Scribhneoirí

**13 -15 Meán Fómhair 2024**

**13/09, Dé hAoine: AN OSCAILT OIFIGIÚIL**

lenár n-aoi, fear an tí, **Máirtín Tom Sheáinín MacDonnacha**

**5.00 i.n.** - Taispeántas filíochta & scríbhneoireachta ó pháistí bunscoile na háite. Taispeántas oscailte do dhaoine fásta. Seoladh ábhar béaloidis ***"Ó Ghlúin go Glúin",*** saothar ó thogra páistí bunscoile an cheantair. Seoladh leabhar ***"1,2, Spraoi"*** saothar ó Scoil Thír an Fhia le ***Fighting Words***

**6.30 i.n.** - Ócáid Fháilte le Seán MacDonnacha, Oifigeach Pleanála Teanga Ghlór na nOileán - Eolas Clár na Féile. Cur i láthair na foirne oibre agus na n-aíonna speisialta.

**7.00 i.n.** - Réamhrá maidir lenár bpríomh-aoi, agus bronnadh ghradam Fhéile Ainm Cleite ar Mhicheál Ó Conghaile le Páraic Breathnach.

**7.45 i.n.** - Ag bronnadh Ghradam Saoil, "Gradam Tom a tSeoighe", ar Chiarán Ó Fátharta le Síle Denvir.

**8.15 i.n.** - Sólaistí agus ceol le Sheila Doorley, JTJ MacDonnacha & Chairde.

**10.30pm: (Tígh Phlunkett)**

Éamonn Mac Donnacha agus a ghrúpa as Ráth Chairn .

**14/09, Dé Sathairn: CEARDLANNA, TAISPEÁNTAIS & IMEACHTAÍ SPEISIALTA**

**10.00 r.n.( Comhar Chuigéal)**

Ceardlann Ealaíne & Grianghrafadóireachta amuigh faoin spéir.

**11.30 r.n** Scéalaíocht agus spraoi do pháistí scoile, le Bríd Treasa & ***Fighting Words***.

**1.00 i.n. (Ionad na Comhairle Ceantar),**

Ceardlann sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach (déagóirí & daoine fásta) le Ciarán Ó Fátharta.

**3.15 i.n. (Ionad Chomhairle Ceantar na nOileán)**

Léacht/ceardlann le Páraic Breathnach, ***"Ó Choill Bhruachláin go hInis Treabhair".***

Páraic Breathnach agus Micheál Ó Conghaile i mbun agallaimh agus comhrá faoina saol scríbhenoireachta.

Léifidh Páraic sliocht as a chnuasach gearrscéalta nua, "***Póg mo Thóin agus Scéalta Eile***".

**5.30 i.n. (Tí Mháirtín Tom, An Hooker Bar)**

Mic Oscailte - Scéalta /prós/filliocht/agallamh Beirte/Lúibíní, (Aoi speisialta Seán Ó Grainne) Le fear an Tí , Máirtín Tom Sheáinín MacDonnacha. Chomh maith le Seisiún ceoil oscailte le Sheila Doorly, JTJ & Chairde

**9.30 i.n. (Tí Phlunkett)**

Ceol & damhsa na Féile, le Ceann Gólaim.

(In ómós Dhiarmuid Mhic an Adhastair).

**15/09, Dé Domhnaigh: CEARDLANNA, TAISPEÁNTAIS & IMEACHTAÍ SPEISIALTA**

**9.00 r.n.** Siúlóid timpeall Cheantar na nOileán leis na SODAIRÍ

**11.30 r.n.** Aifreann i Séipéal Thír an Fhia,

**1.30 i.n. (Ionad Oidhreachta, Comhar Chuigéal)**

Léacht/ceardlann ar údair leabhar as Gaeltacht Chonamara le Dónall Ó Braonáin

**3.30 i.n (Tí Mháirtín Tom, An Hooker Bar)**

***"Ar thóir Bhríd Ní Mháille",*** Saothar nua scríofa le Micheál Ó Conghaile, bunaithe ar shaol Bhríd Ní Mháille a chum 'Amhrán an Bháthadh' agus 'Amhrán South Boston' dá chur i láthair ag an aisteoir Bridie Ní Churraoin agus an t-amhránaí sean-nóis Caitlín Ní Chualáin. Fear an Tí, Ciarán Ó Fátharta.

Seisiún Ceoil oscailte ina dhiaidh, le Sheila Doorly, JTJ & Chairde

**NÓTA**: Tá cead isteach saor in aisce ag páistí faoi 18 agus scoláirí 3ú leibhéal chuig imeachtaí uile an lae. Níl aon táille iontrála socraithe againn le haghaidh ár n-imeachtaí, ach bheimis fíorbhuíoch as aon síntiús a chabhróidh linn costaisí a chlúdach don fhéile seo agus forbairt fhéile 2025.

**Ceantar na nOileán**

1. Ionad na Feamainne/ Oidhreachta, 2. Tí Phádraic Mháirtín Beag,Comhairle Ceantar/ Muintearas, 4. Spórtlann, 5. Tí Phlunkett, 6. Ionad Séipéal Leitir Móir, 7. Tí Jeaic, 8. Tí Darby

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil lenár n-urraitheoirí go léir; lenár gcoiste, leis na daoine a d'oibrigh in aisce dúinn agus lenár bpobal áitiúil as a gcabhair go léir, chun ligean dúinn an fhéile seo a chur i láthair. Buíochas ollmhór do Fheidhlim Ó Cualáin agus foireann Oileán I.T.

Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil leis an ngrúpa seo thíos as a dtacaíocht leanúnach:


Glór na nOileán
Foras na Gaeilge
Oileán I.T
Údarás na Gaeltachta
ealaín
Comhar Chuigéal

Tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin

www.glornanoilean.ie

# Club Leabhar Chois Fharraige

Cuirfear tús le séasúr nua d'imeachtaí Chlub Leabhar Chois Fharraige ar an gCéadaoin 11 Meán Fómhair ag 9.00 i.n. Bíonn teacht le chéile míosúil ag an gClub ar an dara Céadaoin den mhí i dTigh Mholly ar an Lochán Beag.





*Amhráin Amhairgin, An Chailleach Bhéarra, Amhra Choilm Cille* leis an bhfile cáiliúil Máire Mhac an tSaoi an saothar a bheas faoi chaibidil ag baill an chlub mar thús an tséasúir seo. Is athleagan Nua-Ghaeilge atá sa saothar a rinne Máire ar thrí cinn de na luathdhánta is cáiliúla sa nGaeilge.

Deis iontach atá anseo eolas a chur ar chuid de sheoda sheanlitríocht na Gaeilge agus sásamh a baint as máistreacht, údarás, deisbhéaltacht agus liriciúlacht Mháire agus í ag nochtadh cuid dár n-oidhreacht liteartha dúinn.

Is féidir teacht ar an leabhar ar shuíomh Leabhar Breac nó i siopa Chló Iar Chonnacht, ó thuaidh den Cheardlann sa Spidéal. Ní gá duit a bheith id bhall den chlub roimh ré. Aimsigh an leabhar, léigh é agus bí sa gcomhluadar!

# Maidin Chaife

Beidh an mhaidin chaife mhíosúil á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Aoine 6 Meán Fómhair sa gCruiscín Lán sa Spidéal ag 11.00r.n.




Ócáid í seo a bhíonn ar bun ar an gcéad Aoine de chuile mhí i sráidbhaile an Spidéil le deis a thabhairt do dhaoine atá seanbhunaithe sa gceantar agus do dhaoine atá nua-thagtha isteach sa gceantar casadh lena chéile, aithne a chur ar a chéile agus tacú leo siúd ar mian leo tógáil ar an méid Gaeilge atá acu. Níl le déanamh ach bualadh isteach agus ní call aithne a bheith agat ar aon duine roimh ré.

Beidh an bheirt Oifigeach Pleanála Teanga nua, Máire Treasa Uí Dhufaigh agus Máire Úna Ní Fhatharta i láthair. Buailigí isteach le casadh leo agus le fáiltiú rompu.

# Dá mBeadh Mileoidean Agamsa

Tabharfar ardán don mhileoidean ag ócáid speisialta a reáchtálfar le linn na hOíche Cultúir (20 Meán Fómhair) i Seanscoil Sailearna idir 6pm 7 10pm. D'fhéadfá a rá gurb é an mileoidean uirlis thraidisiúnta Chonamara agus is beag teach nach raibh ceann ann fadó. Cé go bhfuil an-rath ar chúrsaí ceoil i gCois Fharraige agus ar fud Chonamara, níl an oiread sin daoine óga á chasadh ar an aimsir seo. Ócáid cheiliúrtha agus feasachta a bheidh san oíche seo, a chlúdóidh gnéithe éagsúla de cheol an mhileoidin, agus beidh sí briste síos ina trí chuid.

Is dírithe ar ghasúir a bheidh an chéad chuid, mar a mbeidh deis acu casadh le ceoltóirí mileoidin agus greim a fháil ar an uirlis agus cúpla nóta a bhaint as, le cúnamh ó na ceoltóirí. Painéal plé a bheidh sa dara cuid den oíche, mar a roinnfidh Johnny Óg Connolly, Seosamh Ó Neachtain 7 Mícheál Darby a gcuimhní, a dtuairimí agus a moltaí faoi staid an mhileoidin sa gceantar agus an chaoi ar féidir daoine óga a spreagadh len é a chasadh. Beidh plé oscailte ann freisin faoi stiúir Aisling Ní Neachtain agus tabharfar aird faoi leith ar thuairimí na n-óg.

Ceolchoirm cheiliúrtha a chuirfidh clabhsúr ar an oíche. Muintir Chonamara a bheidh sa gcéad chuid: Johnny Óg, Mícheál Darby, Becky Ní Éallaithe, Seosamh Ó Neachtain, Séaghan Ó Braonáin, Éamon Ó Ceallacháin agus Ceoltóirí Óga Chois Fharraige. Cuirfear fáilte mhór roimh ár gcara Gaeltachta, Diarmuid Ó Meachair, fear a bhfuil gaisce déanta aige ar an mileoidean, sa dara cuid. Beidh an sárcheoltóir Brian McGrath ann freisin le tionlacan a dhéanamh ar an gceol.

Mura spreagfaidh an méid sin an dream óg, ní lá go fóill é!




Cumann Forbartha Chois Fharraige atá ag eagrú na hócáide i gcomhar le Ceoltóirí Óga Chois Fharraige.

Is iad atá buíoch de mhaoiniú Ealaín na Gaeltachta.

# Taispeántas Chois Fharraige

Bhí an-lá ar thailte Choláiste Chonnacht ar an Domhnach seo caite lá ar scall an ghrian ar na sluaite a thug cuairt ar Thaispeántas Chois Fharraige 2024.

Idir imeachtaí faoin aer ó thuaidh den Choláiste, áit ar spáineadh na caiple agus na caoirigh; ó dheas, áit a raibh ionad siamsaíochta do ghasúir agus seó na madraí; agus imeachtaí faoi dhíon, áit ar spáinedh ceardaíocht, ealaín, grianghrafadóireacht, saothar na garraíodóireachta (bláthanna 7 glasraí), saothar na cistine (bácáil 7 subhanna) agus rannóg na ngasúr.

Bhí neart éagsúlachta agus ábhair chainte ann don phobal. Bhí laghdú de bheagán ar líon na n-iomaitheoirí i rannóga na nglasraí agus na mbláthanna agus an mhilleán á cur gan dabht ar chomh fliuch agus chomh garbh is a bhí an samhradh. Fós féin, tugadh suntas d'oinniúin bhréatha agus do dhas ollmhór gabáiste nár theangadh aon seilimide leis!


Mary Uí Chonchubhair ag bronnadh Chorn Shéamais ar Mháirtín Tim

Bronnadh corn nua, **Corn Shéamais Uí Chonchubhair**, ar bhuaiteoir chomórtas na bhfataí. Ball coiste díograiseach, dílis ab ea Séamas, a chuir suim ar leith sa gcomórtas sin ach a bhásaigh i dtús na bliana seo. Soir timpeall leathmhíle ón gColáiste a chuaigh an Corn ar a chéad turas, chuig Máirtín Tim Ó Flaithearta i mBaile 'n tSléibhe.


Michael Joyce

Siar chuig an gClochán a chuaigh corn eile, atá tiomanta d'iar-bhall dílis eile den choiste: **Chorn Mháire Uí Cheallaigh** (Mrs Kelly), bean a chaith na blianta ag plé leis na comórtais tís. Bronntar Corn Mhary ar bhuaiteoir chomórtas an cháca dhoinn agus 'sé Michael Joyce as an gClochán a thabharfas aire don chorn sin i mbliana. Dúshlán á leagan ansin ag Michael d'fhir Chois Fharraige!

# Dioplóma sa gCultúr Dúchais

Cuireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Dioplóma páirtaimseartha sa gCultúr Dúchais ar fáil. Ar an idirlíon den chuid is mó a mhúintear é. Baineann na rannpháirtithe an-sult agus tairbhe as an gcúrsa seo, a chlúdaíonn réimse breá leathan de chultúr, de thraidisiún agus de dhúchas na hÉireann.

Beidh leagan nua den dioplóma ag tosú arís i Meán Fómhair 2024 ach sé **an Domhnach beag seo** an sprioclá d'iarratais. Tapaigh do dheis agus buail faoi!

Tá eolas faoin gcúrsa agus foirm iarratais le fáil ar shuíomh Idirlín an Acadaimh.

OLLSCOIL NA GAILLIMHE UNIVERSITY OF GALWAY

# *Classic* Gailf CLG an Spidéil




Seo chugaibh cuireadh imirt i gcomórtas gailf á reáchtáil ag CLG an Spidéil!

Beidh comórtas *Four Ball Scramble* ar bun i gClub Gailf Bhearna idir an 20-21 Meán Fómhair. Beidh €2,000 de dhuaiseanna ar fáil agus Standún Ireland mar phríomhurraitheoirí. €160 an táille le foireann de cheathrar a chlárú.

Déan teagmháil le Patrick Ó Droighneáin ag 087 775 0418 le sin a dhéanamh.

# Réalta Teilifíse?

An bhfuil aithne agat ar ghasúr a dtaithneodh leo a bheith ar an teilifís? Tá Cúla4 sa tóir ar dhaoine óga atá idir 8 7 12 agus a bhfuil peataí acu le bheith páirteach sa gclár *Mé Féin agus Mo Pheata*. Níl le déanamh acu ach físeán 30 soicind díobh féin agus den pheata, in éineacht le heolas faoin bpeata, a sheoladh chuig eolas@fibinmedia.ie **roimh 23 Meán Fómhair**. Cá bhfios cá dtabharfadh sé iad amach anseo?

## Leabhar nua




Foilseoidh Futa Fata leabhar gleoite nua do ghasúir i lár na míosa seo. *Ceol na Mara* ainm an leabhair, ina bhfuil cnuasach álainn amhrán bunaithe ar théama na farraige, agus é curtha i láthair ag Tadhg Mac Dhonnagáin, Caitlín Ní Chualáin agus páistí as Scoil Sailearna.

Tá amhráin nuachumtha i gceist, chomh maith le cuid de na seanchlaisicí. Is féidir a rá gur féasta do na súile chomh maith iad na maisiúcháin ghleoite. Coinnigh súil amach don bháidín beag leis an seol dearg atá le feiceáil ar chuile leathanach!

Tá *Ceol na Mara* feiliúnach do pháistí 6+ agus beidh fáil air go náisiúnta i siopaí maithe leabhar agus ar líne [ó láithreán Futa Fata] ón 13 Meán Fómhair ar aghaidh.

## Deiseanna d'fhoghlaimeoirí

Cuirfear tús Dé Céadaoin seo chugainn, an 11 Meán Fómhair, le **ciorcal comhrá** do dhaoine a bhfuil **meán-ard chaighdeán Gaeilge** bainte amach acu. Is in Inis Fáil i sráidbhaile an Spidéil a thiocfaidh an grúpa le chéile, idir 6.30 agus 7.30i.n. Cé nach rang atá anseo, beidh áisitheoir ar fáil le cúrsaí a stiúradh. Tabharfaidh sé deis do dhaoine a gcuid Gaeilge a chleachtadh i suíomh atá cairdiúil, cuiditheach, agus aithne a chur ar dhaoine nua trí Ghaeilge.




Cuirfear tús an Chéadaoin dár gcionn, an 18 Meán Fómhair, le Rang Gaeilge do **thosaitheoirí**. Tá an rang seo dírithe ar dhaoine a chuaigh ar scoil in Éirinn ach nach bhfuil ach fíor bheagán Gaeilge acu. Má tá aithne agat ar dhaoine a mbeadh suim acu sa rang seo ar mhiste leat iad a chur ar an eolas le do thoil. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach glaoch a chur ar Mháire Treasa (083 010 6294) nó ar Mháire Úna (086 065 5520).

## Féile na gCloch, Inis Oírr

Cuirfear tús le Féile na gCloch i mbliana ar an Déardaoin 12 Meán Fómhair agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí an Domhnach 15 Meán Fómhair.



Tagann daoine as chuile cheard den domhan le chéile in Inis Oírr don fhéile bhliantúil seo, a bhfuil cáil uirthi i gcéin is i gcóngar.

Chomh maith leis an obair a bhaineann le claí cloch a thógáil thar thréimse trí lá, tá neart imeachtaí eile eagraithe d'fhéile na bliana seo. Ina measc tá ceardlann ar shnoídóireacht chloiche agus sceitseáil amuigh faoin aer.

## Suaimhneas 7 síocháin

An airíonn tú faoi bhrú? An bhfuil strus an tsaoil ag cur as duit? Má tá, d'fhéadfá rud níos measa a dhéanamh ná dul i dteagmháil le Marian Ní Chonghaile.



Is cóitseálaí saoil agus cneasaí fuinnimh í Marian, a eagraíonn ceardlanna i nGaeilge ar an bhforbairt phearsanta, ar an soiléireacht intinne, ar an gcothromaíocht fuinnimh 7rl… Is féidir coinne a dhéanamh léi ach glaoch a chur ar 086 853 3397.